*Uimhir* 2 *de* 2019

# An tAcht um Shainmharcáil (Leasú), 2019

[*An tiontú oifigiúil*]

*Uimhir* 2 *de* 2019

# AN tACHT UM SHAINMHARCÁIL (LEASÚ), 2019

[*An tiontú oifigiúil*]

CLÁR AN ÁBHAIR

Alt


1. Mínithe
2. Leasú ar alt 1 den Phríomh-Acht
3. Leasú ar alt 2 den Phríomh-Acht
4. Leasú ar alt 3 den Phríomh-Acht
5. Leasú ar alt 4 den Phríomh-Acht
6. Leasú ar an bPríomh-Acht
7. Leasú ar alt 5 den Phríomh-Acht
8. Leasú ar alt 6 den Phríomh-Acht
9. Leasú ar an bPríomh-Acht
10. Leasú ar alt 8 den Phríomh-Acht
11. Leasú ar alt 9 den Phríomh-Acht
12. Leasú ar alt 12 den Phríomh-Acht
13. Sainmharcanna brionnaithe
14. Cionta ag comhlacht corpraithe
15. An Chuideachta do ghearradh muirear
16. Aisghairm
17. Gearrtheideal agus tosach feidhme

## Na hAchtanna dá dTagraítear

Acht na gCuideachtaí, 2014 (Uimh. 38)

An tAcht um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, 2014 (Uimh. 29)

An tAcht um Chosaint Tomhaltóirí, 2007 (Uimh. 19)

An tAcht um Shainmharcáil, 1981 (Uimh. 18)

*Plate Assay (Ireland) Act* 1807 (47 Geo. 3) c. 15

*Uimhir* 2 *de* 2019

# AN tACHT UM SHAINMHARCÁIL (LEASÚ), 2019

[*An tiontú oifigiúil*]

Acht do leasú agus do leathnú an dlí a bhaineann le hearraí de mhiotal lómhar a mheisiúnú agus a shainmharcáil; do dhéanamh socrú chun earraí de mhiotal lómhar a mheisiúnú agus a shainmharcáil lasmuigh den Stát in imthosca áirithe; agus, chun na gcríoch sin, do leasú an Achta um Shainmharcáil, 1981; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara.

[14 *Feabhra* 2019]

**Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:**

**Mínithe**

**1.** San Acht seo—

ciallaíonn "Acht 2007" an tAcht um Chosaint Tomhaltóirí, 2007;

ciallaíonn "Príomh-Acht" an tAcht um Shainmharcáil, 1981.

**Leasú ar alt 1 den Phríomh-Acht**

**2.** Leasaítear alt 1 den Phríomh-Acht—

(a) trí na mínithe seo a leanas a chur isteach:

"ciallaíonn 'oifig meisiúnachta údaraithe'—

(a) oifig meisiúnachta atá suite lasmuigh den Stát agus arna bunú ag an gCuideachta de réir alt 4A, nó

(b) oifig meisiúnachta atá suite lasmuigh den Stát agus is páirtí i gcomhaontú leis an gCuideachta faoi alt 4B;

ciallaíonn 'sainmharc brionnaithe' sainmharc, stampa nó marc eile a bhuailtear nó a chuirtear ar shlí eile ar earra de mhiotal lómhar—

(a) agus a airbheartaíonn—

(i) gur sainmharc formheasta é agus nach sainmharc formheasta é, nó

(ii) gur marc dá dtagraítear i Rialachán 3(d) de Rialacháin 2001 é agus nach marc den sórt sin é,

nó

(b) lena léirítear go bréagach caighdeán míne an earra de mhiotal lómhar;

ciallaíonn 'earra ilmhiotail' earra arb éard atá ann 2 mhiotal ar leithligh, ar miotal lómhar nó cóimhiotal de mhiotal lómhar ceann amháin acu, agus ar miotal neamhlómhar an ceann eile;

ciallaíonn 'miotal neamhlómhar' aon mhiotal seachas—

(a) ór, airgead, pallaidiam nó platanam, nó

(b) cóimhiotail d'ór, d'airgead, de phallaidiam nó de phlatanam;

tá le 'sainmharc eischósta' an bhrí a shanntar dó le halt 2(1)(aa);

ciallaíonn 'miotal lómhar' ór, airgead, pallaidiam nó platanam;

ciallaíonn 'Rialacháin 2001' Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Earraí a Allmhairítear ó Bhallstáit Eile a Shainmharcáil), 2001 (Uimh. 579 de 2001);",

(b) sa mhíniú ar "earraí de mhiotal lómhar", trí "miotal lómhar aonair nó cóimhiotal aonair de mhiotal lómhar nó 2 cheann nó níos mó de mhiotail lómhara ar leithligh nó de chóimhiotail de mhiotal lómhar" a chur in ionad "ór, airgead nó platanam nó cóimhiotail d'ór, d'airgead nó de phlatanam", agus

(c) trí na mínithe ar "Acht 1913" agus "brionnú" a scriosadh.

**Leasú ar alt 2 den Phríomh-Acht**

**3.** Leasaítear alt 2(1) den Phríomh-Acht tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (a):

"(aa) marc (dá ngairtear 'sainmharc eischósta' san Acht seo) arna bhualadh go dleathach ag an gCuideachta nó thar a ceann in oifig meisiúnachta údaraithe, de réir rialacháin arna ndéanamh faoi alt 3,".

**Leasú ar alt 3 den Phríomh-Acht**

**4.** Leasaítear alt 3 den Phríomh-Acht tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

"(2) Féadfar le rialacháin faoin alt seo marcanna éagsúla a fhorordú do na nithe seo a leanas—

(a) marc dá dtagraítear in alt 2(1)(a), agus

(b) sainmharc eischósta.".

**Leasú ar alt 4 den Phríomh-Acht**

**5.** Leasaítear alt 4 den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (3), trí "chun sainmharcanna brionnaithe a bhrath" a chur in ionad "chun brionnú a bhrath".

**Leasú ar an bPríomh-Acht**

**6.** Leasaítear an Príomh-Acht trí na hailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 4:

**"Cumhacht chun oifigí meisiúnachta a bhunú lasmuigh den Stát**

**4A.** (1) Féadfaidh an Chuideachta, le toiliú an Aire, oifig meisiúnachta amháin nó níos mó a bhunú lasmuigh den Stát chun go gcomhlíonfaidh an oifig sin feidhmeanna i ndáil leis na nithe seo a leanas—

(a) earraí de mhiotal lómhar arna monarú lasmuigh den Stát a mheisiúnú, agus

(b) sainmharc eischósta a bhualadh ar na hearraí sin de mhiotal lómhar atá i gcomhréir le caighdeáin mhíne Éireannacha.

(2) Tabharfaidh an Chuideachta don Aire cibé faisnéis a theastóidh le réasún ón Aire chun a chinneadh an dtabharfaidh sé nó sí a thoiliú nó a toiliú faoi fho-alt (1), lena n-áirítear faisnéis a bhaineann leis na nithe seo a leanas—

(a) an soláthar foirne nó na hacmhainní eile a bheadh ag teastáil de ghnáth ó oifig meisiúnachta d'fhonn feidhmeanna a chomhlíonadh i ndáil le hearraí de mhiotal lómhar a mheisiúnú agus a shainmharcáil lasmuigh den Stát de réir cheanglais an Achta seo,

(b) rialachas corparáideach, riaradh agus bainistiú na hoifige meisiúnachta a bheartaítear a bhunú,

(c) téarmaí agus coinníollacha fostaíochta na gcomhaltaí foirne a bheidh le fostú san oifig meisiúnachta, agus

(d) na costais is dóigh a thabhófar agus an oifig meisiúnachta á bunú.

(3) Ní dhéanfaidh oifig meisiúnachta arna bunú faoi fho-alt (1) sainmharc eischósta a bhualadh nó a chur ar shlí eile ar earra de mhiotal lómhar a chuirtear faoina bráid lena shainmharcáil murar deimhin léi go bhfuil an t-earra i gcomhréir le caighdeáin mhíne Éireannacha.

**Socruithe le hoifigí meisiúnachta eile**

**4B.** (1) Faoi réir fho-ailt (2) agus (4), féadfaidh an Chuideachta, le toiliú an Aire, comhaontú a dhéanamh, ar cibé téarmaí agus coinníollacha is cuí léi, le hoifig meisiúnachta eile atá suite lasmuigh den Stát—

(a) chun go ndéanfaidh an oifig sin, thar ceann na Cuideachta, earraí de mhiotal lómhar arna monarú lasmuigh den Stát a mheisiúnú, agus

(b) chun go ndéanfaidh an oifig sin, thar ceann na Cuideachta, sainmharc eischósta a bhualadh ar na hearraí sin de mhiotal lómhar atá i gcomhréir leis na caighdeáin mhíne Éireannacha.

(2) Ní dhéanfaidh an Chuideachta comhaontú dá dtagraítear i bhfo-alt (1) le hoifig meisiúnachta murab oifig meisiúnachta de chuid Stát Conarthach sa Choinbhinsiún maidir le Rialú agus Marcáil Earraí de Mhiotal Lómhar a rinneadh i Vín an 15 Samhain 1972 an oifig lena mbaineann.

(3) Tabharfaidh an Chuideachta don Aire cibé faisnéis a theastóidh le réasún ón Aire chun a chinneadh an dtabharfaidh sé nó sí a thoiliú nó a toiliú faoi fho-alt (1), lena n-áirítear faisnéis a bhaineann leis na nithe seo a leanas—

(a) rialachas corparáideach, riaradh agus bainistiú na hoifige meisiúnachta lena mbeartaítear comhaontú a dhéanamh,

(b) na téarmaí agus na coinníollacha ar a mbeartaítear comhaontú a dhéanamh leis an oifig meisiúnachta sin, lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha de chineál airgeadais, agus

(c) na muirir a bheidh le forchur i leith meisiúnú agus sainmharcáil earraí de mhiotal lómhar ag an oifig meisiúnachta sin thar ceann na Cuideachta.

(4) Beidh sé ina choinníoll de chomhaontú dá dtagraítear i bhfo-alt (1) nach ndéanfaidh an oifig meisiúnachta údaraithe lena mbaineann sainmharc eischósta a bhualadh nó a chur ar shlí eile ar earra de mhiotal lómhar a chuirtear faoina bráid lena shainmharcáil thar ceann na Cuideachta murar deimhin leis an oifig meisiúnachta sin go bhfuil an t-earra i gcomhréir le caighdeáin mhíne Éireannacha.

**Cumhachtaí áirithe de chuid na Cuideachta chun críocha ailt 4A agus 4B**

**4C.** (1) Beidh ag an gCuideachta na cumhachtaí sin go léir is gá nó is fóirsteanach chun a feidhmeanna a chomhlíonadh faoi ailt 4A agus 4B.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht fho-alt (1), féadfaidh an Chuideachta, chun críocha alt 4A nó 4B, le scríbhinn faoina gnáthshéala, aon duine a údarú mar dhuine atá i dteideal an Chuideachta a chur faoi cheangal.

(3) Maidir le húdarú faoin alt seo—

(a) féadfaidh baint a bheith aige le hidirbheart áirithe nó le haicme idirbheart,

(b) féadfaidh sé a bheith faoi réir cibé téarmaí agus coinníollacha (lena n-áirítear ré na tréimhse údaraithe) a shonrófar san údarú, agus

(c) féadfar é a chúlghairm i scríbhinn faoi ghnáthshéala na Cuideachta.

(4) Aon tagairt san alt seo do theideal duine chun an Chuideachta a chur faoi cheangal, folóidh sí, faoi réir théarmaí a údaraithe nó a húdaraithe, tagairt dá údarás nó dá húdarás chun aon chumhacht de chuid na Cuideachta a fheidhmiú agus chun daoine eile a údarú chun déanamh amhlaidh.

(5) Féadfaidh séala oifigiúil a bheith ag an gCuideachta lena úsáid in aon áit ar an gcoigríoch agus beidh an séala oifigiúil sin cosúil le gnáthshéala na Cuideachta agus ainm gach áite ar an gcoigríoch ina mbeidh sé le húsáid curtha ar a aghaidh.

(6) Beidh feidhm ag fo-ailt (3) go (6) d'alt 44 d'Acht na gCuideachtaí, 2014, fara aon mhodhnuithe is gá, maidir leis an gCuideachta amhail is dá mba chuideachta í atá údaraithe ag a bunreacht chun séala oifigiúil a bheith aici lena úsáid in aon áit ar an gcoigríoch.

(7) San alt seo—

ciallaíonn 'séala oifigiúil', i ndáil leis an gCuideachta, an séala oifigiúil dá dtagraítear i bhfo-alt (5);

ciallaíonn 'áit ar an gcoigríoch' aon chríoch, ceantar nó áit nach bhfuil sa Stát.".

**Leasú ar alt 5 den Phríomh-Acht**

**7.** Leasaítear alt 5(1) (a leasaíodh le halt 99 d'Acht 2007) den Phríomh-Acht trí "d'ór, d'airgead, de phallaidiam nó de phlatanam" a chur in ionad "d'ór, d'airgead nó de phlatanam".

**Leasú ar alt 6 den Phríomh-Acht**

**8.** Leasaítear alt 6(2) (a leasaíodh le halt 99 d'Acht 2007) den Phríomh-Acht tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (c):

"(c) más éard é nó más cuid de an focal 'airgead', 'pallaidiam' nó 'platanam', go bhfuil an focal 'plátáilte' mar cháiliú ar an bhfocal lena mbaineann;".

**Leasú ar an bPríomh-Acht**

**9.** Leasaítear an Príomh-Acht trí na hailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 6A (a cuireadh isteach le halt 99 d'Acht 2007):

**"Earraí ilmhiotail**

**6B.** (1) Faoi réir fho-alt (2), beidh feidhm ag na ceanglais seo a leanas maidir le hearra ilmhiotail:

(a) beidh miotal lómhar, nó cóimhiotal de mhiotal lómhar, agus miotal neamhlómhar araon an earra infheicthe go soiléir;

(b) beidh miotal lómhar, nó cóimhiotal de mhiotal lómhar, an earra marcáilte le sainmharc formheasta;

(c) maidir le miotal neamhlómhar an earra—

(i) beidh sé in-idirdhealaithe go soiléir ó mhiotal lómhar, nó ó chóimhiotal de mhiotal lómhar, an earra mar gheall ar an dath a bheidh air,

(ii) ní bheidh sé brataithe ná cóireáilte chun go mbeidh cuma miotail lómhair nó chóimhiotail de mhiotal lómhar air, agus

(iii) beidh sé marcáilte leis an bhfocal 'METAL'.

(2) Ní bheidh feidhm ag míreanna (a) agus (c) d'fho-alt (1) maidir le haon mhiotal neamhlómhar d'earra ilmhiotail i gcás go gcomhlíonann an miotal neamhlómhar sin feidhm mheicniúil dá bhfuil miotal lómhar, nó cóimhiotal de mhiotal lómhar, an earra ilmhiotail mí-oiriúnach ar chúiseanna nirt nó buanfais.

(3) Beidh feidhm ag forálacha an Achta seo, ag na hachtacháin a shonraítear i bhfo-alt (2) d'alt 8, agus ag aon rialacháin arna ndéanamh fúthu, fara aon mhodhnuithe is gá, maidir leis an miotal lómhar, nó leis an gcóimhiotal de mhiotal lómhar, d'earra ilmhiotail amhail is dá mb'earra de mhiotal lómhar an miotal lómhar sin nó an cóimhiotal de mhiotal lómhar sin agus, chun na críche sin, folóidh tagairt d'earraí de mhiotal lómhar tagairt don mhiotal lómhar, nó don chóimhiotal de mhiotal lómhar, d'earra ilmhiotail.

**Cion a bhaineann le hearraí ilmhiotail a sholáthar**

**6C.** (1) Is cion é ag trádálaí earra ilmhiotail a sholáthar nach gcomhlíonann na ceanglais a shonraítear i bhfo-alt (1) d'alt 6B.

(2) Aon duine a bheidh ciontach i gcion faoin alt seo, dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair—

(a) i gcás an chéad chiona, fíneáil d'aicme B nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, agus

(b) i gcás aon chion dá éis sin, fíneáil d'aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(3) Beidh feidhm ag ailt 78, 80 agus 84 d'Acht 2007 maidir le cion faoin alt seo mar atá feidhm acu maidir le cion faoin Acht sin agus, chun na críche sin, forléireofar tagairtí sna hailt sin do chion faoin Acht sin mar thagairtí a fholaíonn tagairtí do chion faoin alt seo.

(4) Beidh feidhm ag ailt 10(1), 24, 35 agus 36 den Acht um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, 2014 chun críocha an ailt seo agus alt 6B, faoi réir an mhodhnaithe go bhforléireofar tagairtí sna hailt sin do na forálacha reachtúla iomchuí mar thagairt don alt seo agus d'alt 6B.

(5) San alt seo—

ciallaíonn "Acht 2007" an tAcht um Chosaint Tomhaltóirí, 2007;

tá le 'trádálaí' agus 'soláthar' na bríonna céanna, faoi seach, atá leo in alt 2 d'Acht 2007.".

**Leasú ar alt 8 den Phríomh-Acht**

**10.** Leasaítear alt 8 den Phríomh-Acht—

(a) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) (a) Déanfar gach tagairt do ‘ór nó airgead’ in achtachán a shonraítear i bhfo-alt (2) a fhorléiriú mar thagairt do ‘ór, airgead, pallaidiam nó platanam’.

(b) Déanfar gach tagairt do ‘ór agus airgead’ in achtachán a shonraítear i bhfo-alt (2) a fhorléiriú mar thagairt do ‘ór, airgead, pallaidiam agus platanam’.

(c) Déanfar gach tagairt do ‘ór’ in achtachán a shonraítear i bhfo-alt (2) a fhorléiriú mar thagairt do ‘ór, airgead, pallaidiam agus platanam’.”,

agus

(b) i bhfo-alt (2)—

(i) trí “1883, agus” a chur in ionad “1883,” i mír (e),

(ii) trí “1904.” a chur in ionad “1904,” i mír (f), agus

(iii) trí mhír (g) a scriosadh.

**Leasú ar alt 9 den Phríomh-Acht**

**11.** Leasaítear alt 9 den Phríomh-Acht—

(a) trí “a chur faoi bhráid an Mheisiúnóra nó oifig meisiúnachta údaraithe” a chur in ionad “a chur faoi bhráid an Mheisiúnóra” i bhfo-alt (1),

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

“(2) D’ainneoin fho-alt (1), féadfaidh an Chuideachta agus tionscnóir socruithe a dhéanamh faoina mbuailfidh an Meisiúnóir nó oifig meisiúnachta údaraithe marc an tionscnóra a luaithe is indéanta tar éis an t-earra a chur faoina bhráid nó faoina bráid le sainmharc formheasta a bhualadh air.”,

agus

(c) i bhfo-alt (3), tríd an leagan cuí gramadaí de “an Meisiúnóir nó oifig meisiúnachta údaraithe” a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de “an Meisiúnóir” gach áit a bhfuil sé.

**Leasú ar alt 12 den Phríomh-Acht**

**12.** Leasaítear alt 12 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (4)—

(i) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (b):

“(b) gurb é an miotal lómhar nó an cóimhiotal de mhiotal lómhar céanna, de réir mar a bheidh, a bheidh sa bhreisiú agus a bheidh

i miotal lómhar, nó i gcóimhiotal de mhiotal lómhar, an earra lena mbaineann;”,

(ii) trí “ná an caighdeán míne Éireannach arna fhorordú de thuras na huaire don earra” a chur in ionad “ná caighdeán míne Éireannach an earra de thuras na huaire” i mír (c), agus

(iii) trí “airgid, 1 ghram amháin pallaidiam” a chur in ionad “airgid” i mír (d)(i),

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (5):

“(5) Ní cion faoin alt seo coirt nach mó ná 2 mhicriméadar ar tiús ag aon phointe a chur le hiomlán aon earra díobh seo a leanas nó le haon chuid d’earra den sórt sin—

(a) earra óir, más amhlaidh maidir leis an gcoirt gur d’ór í nach lú míne ná an caighdeán míne Éireannach arna fhorordú de thuras na huaire don earra,

(b) earra airgid, más amhlaidh maidir leis an gcoirt gur d’airgead í nach lú míne ná an caighdeán míne Éireannach arna fhorordú de thuras na huaire don earra,

(c) earra airgid, más amhlaidh maidir leis an gcoirt gur d’ór í nach lú míne ná an caighdeán míne Éireannach íosta arna fhorordú de thuras na huaire d’earra óir,

(d) earra airgid, más amhlaidh maidir leis an gcoirt gur de phallaidiam í nach lú míne ná an caighdeán míne Éireannach íosta arna fhorordú de thuras na huaire d’earra pallaidiam,

(e) earra pallaidiam, más amhlaidh maidir leis an gcoirt gur de phallaidiam í nach lú míne ná an caighdeán míne Éireannach arna fhorordú de thuras na huaire don earra,

(f) earra pallaidiam, más amhlaidh maidir leis an gcoirt gur d’ór í nach lú míne ná an caighdeán míne Éireannach íosta arna fhorordú de thuras na huaire d’earra óir,

(g) earra platanaim, más amhlaidh maidir leis an gcoirt gur de phlatanam í nach lú míne ná an caighdeán míne Éireannach arna fhorordú de thuras na huaire don earra,

(h) earra óir, airgid nó pallaidiam, más amhlaidh maidir leis an gcoirt gur de phlatanam í nach lú míne ná an caighdeán míne Éireannach íosta arna fhorordú de thuras na huaire d’earra platanaim,

(i) earra óir, airgid, pallaidiam nó platanaim más de róidiam an choirt, nó

(j) earra óir, airgid, pallaidiam nó platanaim más de ruitéiniam an choirt.”,

agus

(c) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (7):

"(7) Aon duine a bheidh ciontach i gcion faoin alt seo, dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.".

**Sainmharcanna brionnaithe**

**13.** Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 12:

**"12A.** (1) Is cion é ag duine—

(a) sainmharc, stampa nó marc eile a bhualadh ar earra de mhiotal lómhar, nó

(b) a chur faoi deara ar shlí eile sainmharc, stampa nó marc eile a chur ar earra de mhiotal lómhar,

i gcás gur sainmharc brionnaithe é an sainmharc, an stampa nó an marc eile sin agus gurb eol dó nó di, nó go gcreideann sé nó sí, gur sainmharc brionnaithe é an sainmharc, an stampa nó an marc eile sin.

(2) Is cion é ag duine earra de mhiotal lómhar a dhíol ar a bhfuil sainmharc, stampa nó marc eile i gcás gur sainmharc brionnaithe é an sainmharc, an stampa nó an marc eile sin agus gurb eol dó nó di, nó go gcreideann sé nó sí, gur sainmharc brionnaithe é an sainmharc, an stampa nó an marc eile sin.

(3) Aon duine a bheidh ciontach i gcion faoin alt seo, dlífear—

(a) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó

(b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €10,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(4) Chun críocha fho-alt (1), measfar gur bhuail duine sainmharc brionnaithe ar earra de mhiotal lómhar más rud é go n-athraíonn sé nó sí sainmharc formheasta nó marc dá dtagraítear i Rialachán 3(d) de Rialacháin 2001 chun sainmharc nó marc atá bréagach ar aon dóigh i ndáil leis an earra sin a dhéanamh den sainmharc nó den mharc lena mbaineann (cibé acu is sainmharc nó marc bréagach é ar dhóigh éigin eile ar leith ón athrú sin nó nach ea).

(5) San alt seo, ciallaíonn 'díol', i ndáil le hearra de mhiotal lómhar, mórdhíol nó miondíol agus folaíonn sé—

(a) tairiscint nó cur ar taispeáint le haghaidh díol,

(b) a iarraidh go ndéanfaidh duine tairiscint chun ceannaigh,

(c) dáileadh saor in aisce, agus

(d) soláthar chun aon cheann de na críocha sin (cibé acu le haghaidh brabúis nó nach ea).”.

**Cionta ag comhlacht corpraithe**

**14.** Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 12A (a cuireadh isteach le *halt 13* den *Acht um Shainmharcáil (Leasú), 2019)*:

“**12B.** (1) I gcás go ndéanfaidh comhlacht corpraithe cion faoin Acht seo agus go gcruthófar go ndearnadh an cion le toiliú nó le cúlcheadú, nó gurbh inchurtha é i leith aon fhaillí thoiliúil ar thaobh duine ba stiúrthóir, bainisteoir, rúnaí nó oifigeach eile de chuid an chomhlachta chorpraithe, nó duine a d’airbheartaigh a bheith ag gníomhú sa cháil sin, beidh an duine sin, chomh maith leis an gcomhlacht corpraithe, ciontach i gcion agus féadfar imeachtaí a thionscnamh ina choinne nó ina coinne agus é nó í a phionósú amhail is dá mbeadh sé nó sí ciontach sa chion céadluaite.

(2) I gcás gurb iad comhaltaí comhlachta chorpraithe a bhainistíonn gnóthaí an chomhlachta chorpraithe sin, beidh feidhm ag fo-alt (1) i ndáil le gníomhartha agus mainneachtainí comhalta i dtaca lena fheidhmeanna nó lena feidhmeanna bainistíochta amhail is dá mba stiúrthóir nó bainisteoir de chuid an chomhlachta chorpraithe é nó í.”.

**An Chuideachta do ghearradh muirear**

**15.** Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 14:

**“An Chuideachta do ghearradh muirear**

**14.** Féadfaidh an Chuideachta, le toiliú an Aire, cibé muirir a ghearradh—

(a) i leith earraí de mhiotal lómhar a mheisiúnú agus sainmharcanna formheasta a bhualadh orthu, is earraí a cuireadh faoi bhráid an Mheisiúnóra chun na críche sin, agus

(b) i leith earraí de mhiotal lómhar a mheisiúnú agus sainmharcanna eischósta a bhualadh orthu, is earraí a cuireadh faoi bhráid oifig meisiúnachta údaraithe arna bunú ag an gCuideachta de réir alt 4A chun na críche sin,

is cuí léi chun an costas a bhaineann le soláthar na seirbhíse sin ag an Meisiúnóir nó ag an oifig meisiúnachta údaraithe, de réir mar a bheidh, a íoc.”.

**Aisghairm**

**16.** Aisghairtear na forálacha seo a leanas:

(a) ailt 14, 15, 16 agus 17 den *Plate Assay (Ireland) Act* 1807;

(b) alt 13 den Phríomh-Acht.

**Gearrtheideal agus tosach feidhme**

**17.** (1) Féadfar an tAcht um Shainmharcáil (Leasú), 2019 a ghairm den Acht seo.

(2) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríoch nó foráil áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
52 FAICHE STIABHNA, BAILE ÁTHA CLIATH 2.
(Teil: 01 - 6476834 nó 1890 213434; Fax: 01 - 6476843)
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
52 ST. STEPHEN'S GREEN, DUBLIN 2.
(Tel: 01 - 6476834 or 1890 213434; Fax: 01 - 6476843)
or through any bookseller.

€2.54

ISBN 978-1-4468-6541-5

Wt. _. 49. 11/19. Essentra. (79686). Gr.30-15.